www.xtrapapers.com

Rewarding Learning

**General Certificate of Secondary Education**
**January 2019**

# Irish

## Unit 3: Listening

## Higher Tier

**[GIR32]**

**TUESDAY 8 JANUARY, AFTERNOON**

# TRANSCRIPT

Each piece heard twice

Audio "beep" to precede each question

Questions 1 – 4 insert 7 and 12 second pauses

Questions 5 – 9 insert 9 and 12 second pauses

www.xtrapapers.com

Northern Ireland Council for the Curriculum, Examinations and Assessment
General Certificate of Secondary Education, January 2019
Irish, Unit 3, Listening, Higher Tier

You will now be allowed 5 minutes to read through the paper, before the first question starts.

*Pause 5 minutes*

The five minute reading period has now finished and the examination will now begin. Please open your paper at question 1.

In this section you will hear a number of pieces of Irish. You should listen to these very carefully. Read each question carefully. Complete your answer by listening to the recording and following the instructions given in the question paper. You will hear each section twice.

1 Nóra talks about her holidays.

*M* – A Nóra, cá ndeachaigh tú ar do laethanta saoire?

*F* – Chuaigh mé chuig an Fhrainc.

*M* – Cá háit go díreach a ndeachaigh tú?

*F* – Chuaigh mé go deisceart na tíre.

*Pause 7 seconds and repeat*

*M* – Ar thaitin na laethanta saoire leat?

*F* – Thaitin na laethanta saoire go mór liom mar bhí an aimsir ar dóigh. Ach bhí mé ag stopadh in óstán agus ní raibh mé sásta le mo sheomra mar bhí sé salach.

*Pause 7 seconds and repeat*

*M* – An raibh an turas daor?

*F* – Ní raibh mar chuir mé m’áit in áirithe go luath sa bhliain.

*Pause 7 seconds and repeat*

www.xtrapapers.com

*M* – Cad é a rinne tú gach lá?

*F* – Ní dhearna mé mórán, le fírinne. Bhí daoine eile ag déanamh spóirt uisce ach bhí mise sásta go leor mo scíth a ligint ar an trá gach lá.

*Pause 7 seconds and repeat*

*Pause 12 seconds*

2 Aodhán and Aoife talk about shopping.

*F* – Nollaig shona duit, a Aodháin. Cad é mar atá tú?

*M* – Go maith, a Aoife, mar tá mé réidh don Nollaig anois. Cheannaigh mé an bronntanas deireanach a bhí de dhíth orm ar maidin.

*Pause 7 seconds and repeat*

*F* – Cá raibh tú ag siopadóireacht?

*M* – Chuaigh mé chuig an siopa bréagán nua atá sa bhaile. Tá sé iontach furasta bronntanas a fháil ansin mar tá rogha rudaí ar fáil acu.

*Pause 7 seconds and repeat*

*F* – Caithfidh mise dul ansin.

*M* – Bhí áthas orm mar fuair mé lacáiste. Ba chóir duit dul inniu mar is féidir gach rud a fháil ar lacáiste inniu.

*Pause 7 seconds and repeat*

www.xtrapapers.com

*M* – Cad é a cheannaigh tú?

*F* – Cheannaigh mé bréagán do mo dheirfiúr óg. Thug mé daichead punt air. Níl airgead ar bith fágtha agam ach is cuma mar beidh sise iontach sásta.

*M* – Tá sé sin go deas, a Aodháin.

*Pause 7 seconds and repeat*

*Pause 12 seconds*

3 Liam and Máire plan a night out.

*M* – An bhfuil sé ar intinn agat dul amach anocht, a Mháire?

*F* – Tá. Ba mhaith liom an scannán sin darb ainm 'Mise agus Tusa' a fheiceáil. Chuala mé go bhfuil sé iontach maith.

*M* – Scannán grá atá ann agus chuala mise nach raibh sé maith.

*Pause 7 seconds and repeat*

*F* – Cá bhfuil tusa ag dul anocht, a Liam?

*M* – Tá mise ag dul chuig an teach tábhairne sa bhaile.

*F* – Níl cead agamsa dul chuig an teach tábhairne.

*M* – Ní bheidh mise ag ól. Beidh tráth na gceist ar siúl ann agus ar ndóigh, beidh mé ag dul le mo thuismitheoirí. Ar mhaith leat teacht linn?

*Pause 7 seconds and repeat*

www.xtrapapers.com

*F* – Ba mhaith. Ní rachaidh mé chuig an phictiúrlann. Tá mé cinnte go dtabharfaidh mo mháthair cead dom dul leat nuair a bheidh a fhios aici go mbeidh tú ag dul chuig an teach tábhairne le do thuismitheoirí.

*M* – Tá sé sin go breá. Tá tusa iontach cliste. Tá mé sásta go mbeidh tú ar an fhoireann s'againne. Seans go mbainfidh muid!

*Pause 7 seconds and repeat*

*Pause 12 seconds*

4 Seán talks about his life in Belfast.

*F* – A Sheáin, nach bhfuil tú i do chónaí i gCaisleán Nua anois?

*M* – Níl. Tá mé i mo chónaí i mBéal Feirste le cúpla bliain anuas. Bhog mé go dtí an chathair mar tá mé ag freastal ar an ollscoil ansin.

*F* – An bhfuil aithne agat ar a lán daoine i mBéal Feirste?

*M* – Nuair a thosaigh mé ar an chúrsa ní raibh aithne agam ar dhuine ar bith ach tá aithne agam ar chuid mhaith daoine anois.

*F* – An bhfuil post páirtaimseartha agat?

*M* – Níl, mar níl go leor ama agam. Tá an cúrsa iontach suimiúil ach bíonn a lán oibre le déanamh agam. Uaireanta bím faoi bhrú.

*F* – Ní rud maith é sin.

*Pause 7 seconds and repeat*

*M* – Tá gach rud iontach costasach i mBéal Feirste ach taitníonn saol na cathrach go mór liom.

*F* – Cá bhfuil tú ag stopadh?

*M* – Tá mé ag stopadh i dteach mór le ceathrar buachaillí eile. Íocann m'athair as an lóistín dom ach ceannaím féin mo chuid bia agus na leabhair atá de dhíth orm.

www.xtrapapers.com

*F* – An dtéann tú abhaile ag an deireadh seachtaine?

*M* – Téim abhaile gach oíche Aoine. Tá an t-ádh liom. Níl orm bus a fháil mar tugann buachaill eile síob dom.

*F* – Cá mhéad bliain eile atá le déanamh agat i mBéal Feirste?

*M* – Níl ach bliain amháin le déanamh agam agus ansin rachaidh mé thar lear. Ba mhaith liom an domhan mór a fheiceáil.

*Pause 7 seconds and repeat*

*Pause 12 seconds*

5 You hear four girls taking part in a survey about being healthy.

*M* – Dia duit. Cad é an t-ainm atá ort?

*F* – Aoibheann an t-ainm atá orm.

*M* – An dtugann go leor daoine aire dá sláinte, i do bharúil?

*F* – Ní thugann. Creidim féin gur cheart do gach duine iarracht a dhéanamh bheith aclaí ach tá a lán daoine falsa. Is féidir le gach duine rudaí simplí a dhéanamh, mar shampla, dul amach ag siúl gach oíche agus is féidir sin a dhéanamh gan airgead ar bith a chaitheamh. Is buntáiste mór é sin.

*Pause 9 seconds and repeat*

*M* – Dia duit. Cad é an t-ainm atá ort?

*F* – Lára an t-ainm atá orm.

*M* – An dtugann go leor daoine aire dá sláinte, i do bharúil?

*F* – Tugann. Is duine aclaí mé féin agus tá mo chairde uilig iontach spórtúil. Imríonn muid peil sa tsólann gach oíche Aoine. Tá an t-ádh liom mar tá áiseanna maithe spóirt againn sa cheantar. Is maith liom bheith i mo chónaí anseo.

*Pause 9 seconds and repeat*

www.xtrapapers.com

*M* – Dia duit. Cad é an t-ainm atá ort?

*F* – Aoife an t-ainm atá orm.

*M* – An dtugann go leor daoine aire dá sláinte, i do bharúil?

*F* – Ní thugann. Tá nós ag daoine i bhfad barraíocht bia a ithe sa lá atá inniu ann.

*Pause 9 seconds and repeat*

*M* – Dia duit. Cad é an t-ainm atá ort?

*F* – Clár an t-ainm atá orm.

*M* – An dtugann go leor daoine aire dá sláinte, i do bharúil?

*F* – Tugann. Foghlaimíonn daoine óga faoi chúrsaí sláinte ar scoil agus mar sin déanann siad iarracht a bheith sláintiúil.

*Pause 9 seconds and repeat*

*Pause 12 seconds*

6 Niamh and Ruairí talk about a celebration.

*M* – A Niamh, ar thaitin Domhnach na Cásca leat?

*F* – Thaitin. Thaitin an lá liom. D'ith mé dinnéar mór agus ina dhiaidh sin d'ith mé uibheacha seacláide.

*Pause 9 seconds and repeat*

*M* – An ndearna tú rud ar bith speisialta?

*F* – I ndiaidh an dinnéir d'imir mé cluichí boird le mo theaghlach. Réitím go maith le mo theaghlach agus bhain mé sult as.

*Pause 9 seconds and repeat*

www.xtrapapers.com

*M* – An raibh tú sásta go raibh seachtain saoire againn ón scoil?

*F* – Bhí, cinnte, ach chaith mé cúpla lá ag déanamh staidéir. Bhí mé ag obair do na scrúduithe. Tá cuid mhór le déanamh agam go fóill.

*Pause 9 seconds and repeat*

*M* – Tuigim. Níor oscail mise na leabhair . Bhí mé iontach tuirseach agus bhí sos de dhíth orm ó bhrú na scoile. D'fhan mé i mo luí go dtí a haon déag gach maidin. Ní raibh mo mháthair sásta liom.

*Pause 9 seconds and repeat*

*Pause 12 seconds*

7 Four friends talk about their jobs.

*F* – Is mise Órla. Tá mé i mo dhochtúir. Is maith liom an obair a dhéanaim mar is maith liom cuidiú le daoine. Is post lánaimseartha é ach ní maith liom sin. Ba mhaith liom bheith ag obair go páirtaimseartha mar tá páistí óga agam.

*Pause 9 seconds and repeat*

*M* – Is mise Fearghas agus is cócaire mé. Bím ag obair sa bhialann nua sa bhaile mhór. Bím ag obair uaireanta fada ach, níos measa arís, bím ag obair óna ceathair a chlog go dtí a dó dhéag a chlog san oíche. Ní bhíonn seans agam am a chaitheamh le mo theaghlach ná le mo chairde.

*Pause 9 seconds and repeat*

*F* – Is mise Áine. Is innealtóir mé. Níl mórán oibre ar fáil anseo in aice liom. Fuair mé post i mBaile Átha Cliath ach bíonn turas fada agam gach lá.

*Pause 9 seconds and repeat*

www.xtrapapers.com

*M* – Is mise Dónal. Is múinteoir mé. Níl post buan agam. Faighim cúpla lá oibre i scoil ó am go ham nuair a bhíonn múinteoir tinn. B'fhearr liom post buan a fháil.

*Pause 9 seconds and repeat*

*Pause 12 seconds*

8 Úna and Pádraig discuss an incident.

*M* – A Úna, ar chuala tú faoin tine a tharla i dteach sa bhaile mhór aréir?

*F* – Níor chuala mé sin, a Phádraig. Ar gortaíodh duine ar bith?

*M* – Níor gortaíodh, buíochas le Dia.

*Pause 9 seconds and repeat*

*F* – Cad é mar a chuala tú an scéal?

*M* – Is banaltra í mo bhean chéile agus bhí sí ag obair go mall aréir. Nuair a bhí sí ag teacht abhaile ón ospidéal ar a dó a chlog ar maidin chonaic sí inneall dóiteáin agus otharcharr ar an bhóthar.

*Pause 9 seconds and repeat*

*F* – Is dócha go raibh eagla uirthi.

*M* – Bhí, cinnte. Nuair a tháinig sí isteach sa teach thóg sí an ríomhaire agus chuaigh sí ar líne le fáil amach cad é a tharla. Bhí mise i mo chodladh ach mhúscail sí mé agus d'inis sí an scéal dom.

*F* – An bhfuil aithne agat ar an teaghlach?

*M* – Níl mé cinnte cén teaghlach atá i gceist. Ní raibh ainm ar bith luaite san alt ar líne.

*F* – Maith go leor.

*Pause 9 seconds and repeat*

*Pause 12 seconds*

www.xtrapapers.com

9 Póilín talks about her new area.

*M* – Bhuel, a Phóilín, chuala mé nach bhfuil tú i do chónaí i nDoire anois agus gur bhog tú go teach nua faoin tuath.

*F* – Tá an ceart agat, a Liam, agus níl mé sásta ar chor ar bith. Níl dúil agam i mo cheantar nua.

*M* – Cad chuige?

*F* – Tá sé róchiúin dom.

*Pause 9 seconds and repeat*

*M* – Cad é an difear is mó idir Doire agus do cheantar nua?

*F* – Bhí saol sóisialta maith agam i nDoire ach anois tá mé i mo chónaí i bhfad ar shiúl ó mo chairde. Ní théim amach anois ach uair amháin sa mhí.

*M* – Níor mhaith liom sin.

*Pause 9 seconds and repeat*

*M* – An bhfuil difear ar bith eile idir Doire agus do cheantar nua?

*F* – Tá. Nuair a bhím i mo sheomra leapa amharcaim amach agus níl rud ar bith le feiceáil ach páirceanna. Níl comharsa ar bith againn.

*Pause 9 seconds and repeat*

*M* – Tuigim. Bhí a lán cairde ina gcónaí thart ort nuair a bhí tú i do chónaí i nDoire. Is dócha go mbíonn tú uaigneach anseo.

*F* – Is fíor sin. Tá sé deacair dul áit ar bith mar níl tiomáint agam. Ba mhaith liom an tiomáint a fhoglaim ar an bhliain seo chugainn.

*Pause 9 seconds and repeat*

www.xtrapapers.com

*M* – Cad chuige ar fhág do theaghlach Doire?

*F* – Ar dtús bhí mo thuismitheoirí sásta bheith ina gcónaí i nDoire ach anuraidh thóg Comhairle na Cathrach eastát tionsclaíochta in aice linn.

*Pause 9 seconds and repeat*

*M* – Cad é a tharla ansin?

*F* – Bhí níos mó gluaisteán ar an bhóthar. Rinne mo thuismitheoirí gearán. Rinne cuid mhór daoine eile sa cheantar gearán chomh maith ach níor tháinig athrú ar an scéal.

*M* – Tuigim anois.

*Pause 9 seconds and repeat*

*Pause 12 seconds*

This is the end of the recording.